AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.3.2024
C(2024) 1580 final

ANNEXES 1 to 2

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann leis an**

**RIALACHÁN TARMLIGTHE ÓN gCOIMISIÚN**

**lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle lena mbunaítear an Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme le rialacha maidir le hioncam bliantúil a chinneadh, anailís ar inbhuanaitheacht gabháltas agus rochtain ar shonraí chun críoch taighde, agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1198/2014 ón gCoimisiún**

## IARSCRÍBHINN I

**Cineálacha ginearálta agus príomhchineálacha feirmeoireachta agus an ceangal atá eatarthu, dá dtagraítear in Airteagal 5**

| Cineál ginearálta feirmeoireachta | Tuairisc | Príomhchineál feirmeoireachta | Tuairisc |
|---|---|---|---|
| 1 | Sainbharra páirce | 15 | Sainghránaigh, olashíolta agus barra próitéine |
| | | 16 | Curaíocht pháirce ghinearálta |
| 2 | Sainghairneoireacht | 21 | Sainghairneoireacht laistigh |
| | | 22 | Sainghairneoireacht lasmuigh |
| | | 23 | Gairneoireacht eile |
| 3 | Sainbharra buana | 35 | Sainfhíonghoirt |
| | | 36 | Saintorthaí agus torthaí citris |
| | | 37 | Sainológa |
| | | 38 | Barra buana éagsúla le chéile |
| 4 | Sainfhéaránaigh | 45 | Saindéiríocht |
| | | 46 | Saineallach — tógáil agus ramhrú |
| | | 47 | Eallach — déiríocht, tógáil agus ramhrú le chéile |
| | | 48 | Caoirigh, gabhair agus féaránaigh eile |
| 5 | Sainghráiniteoirí | 51 | Sainmhuca |
| | | 52 | Sainéineoil |
| | | 53 | Gráiniteoirí éagsúla le chéile |
| 6 | Curaíocht mheasctha | 61 | Curaíocht mheasctha |
| 7 | Gabháltais bheostoic mheasctha | 73 | Beostoc measctha, go háirithe féaránaigh |
| | | 74 | Beostoc measctha, go háirithe gráiniteoirí |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 8 | Barra measctha — beostoc | 83 | Barra páirce — féaránaigh le chéile |
| | | 84 | Barra éagsúla agus beostoc le chéile |
| 9 | Gabháltais neamhaicmithe | 99 | Gabháltais neamhaicmithe |

## IARSCRÍBHINN II

**Rochtain a dheonú ar shonraí faoi ainm bréige chun críoch taighde dá dtagraítear in Airteagal 6**

### 1. PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

Féadfaidh an Coimisiún rochtain a dheonú, chun críoch taighde, ar shonraí faoi ainm bréige atá i seilbh an Choimisiúin chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) comhlíonann na sonraí taighde na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009;

(b) leis an rochtain ar shonraí taighde, úsáid na sonraí taighde agus láimhseáil na sonraí taighde, urramaítear cosaint na sonraí faoi ainm bréige agus na sonraí aonair ar eascair siad astu, faoi mar a cheanglaítear le hAirteagail 16 agus 16a de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, agus le forálacha Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725;

(c) ní dheonófar rochtain ach ar shonraí atá fíor-riachtanach chun críocha an taighde atá i gceist;

(d) an t-eintiteas a bhfuil rochtain ar na sonraí á hiarraidh aige, aithnítear é i réimse an taighde, i réimse an léinn, nó i réimse na hanailíse;

(e) tá gá leis na sonraí le haghaidh tionscadail ar mhaithe le leas an phobail agus torthaí an tionscadail sin a chur ar fáil go poiblí;

(f) na bearta slándála fisiciúla, teicniúla agus riaracháin chun na sonraí faoi ainm bréige a chosaint, tá siad leordhóthanach maidir le cosaint na sonraí faoi ainm bréige a iarrtar. Sonróidh an t-eintiteas a rinne an iarraidh na bearta atá beartaithe;

(g) ní úsáidtear na sonraí faoi ainm bréige ach amháin le linn na tréimhse údaraithe. Ceanglófar údarú ón gCoimisiún chun aon síneadh a chur le húsáid na sonraí;

(h) cuirtear iarraidh ar rochtain ar shonraí faoi ainm bréige faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear comhlíontacht na rochtana ar shonraí taighde atá beartaithe agus a húsáid i gcomhréir leis na coinníollacha a liostaítear i bpointí (a) go (g).

Agus rochtain á deonú ag an gCoimisiún, urramóidh sé prionsabail na coimhdeachta, na comhréireachta agus an réamhchúraim de réir mar is ábhartha sa chomhthéacs seo, i gcomhréir le hAirteagail 16 agus 16a de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 agus forálacha Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725:

– Prionsabal na coimhdeachta: ba cheart an úsáid sonraí a bheith ábhartha le haghaidh ghné an Aontais nó le haghaidh roinnt Ballstát. I gcás ina mbaineann iarraidh le tír aonair, ba cheart an iarraidh a chur faoi bhráid an Bhallstáit ábhartha;

– Prionsabal na comhréireachta: ní dheonaítear rochtain ach amháin nuair atá sí fíor-riachtanach don anailís ó thaobh ama agus raon feidhme de;

– Prionsabal an réamhchúraim: íoslaghdaítear rioscaí mí-úsáide sonraí.

### 2. IARRAIDH AR ROCHTAIN AR SHONRAÍ FAOI AINM BRÉIGE

Leis an iarraidh ar rochtain ar shonraí chun críche taighde, léireofar an méid seo a leanas:

(a) an duine aonair nó an t-eintiteas a bhfuil rochtain á hiarraidh aige;

(b) suíomh an duine aonair nó an eintitis a dhéanann an iarraidh, lena dtugtar le fios más laistigh nó lasmuigh de chríoch an Aontais atá sé;

(c) cuspóir dlisteanach an taighde, foinse a mhaoinithe agus úinéireacht na dtorthaí taighde;

(d) an míniúchán ar an gcúis a gceanglaítear úsáid na sonraí faoi ainm bréige a iarradh chun na críche sin, agus an chúis nach féidir an chríoch sin a bhaint amach trí shonraí anaithnide a úsáid;

(e) conas a chomhlíonann an rochtain ar shonraí, chomh maith le húsáid agus láimhseáil na sonraí cuspóir na sonraí agus coimircí sonraí a cheanglaítear le Rialacháin (CE) Uimh. 1217/2009 agus na prionsabail ghinearálta a luaitear i bpointe 1. Ba cheart don duine aonair nó don eintiteas a dhéanann an iarraidh na rioscaí a aithníonn siad agus an ghníomhaíocht mhaolaithe atá beartaithe acu a chur i bhfeidhm a léiriú;

(f) na daoine aonair a mbeidh rochtain acu ar na sonraí;

(g) na saoráidí rochtana a úsáidfear;

(h) na tacair sonraí a mbeidh rochtain orthu, na modhanna lena n-anailísiú;

(i) an tréimhse rochtana ar shonraí;

(j) torthaí beartaithe an taighde atá le foilsiú nó le scaipeadh; agus

(k) aon fhaisnéis ábhartha eile maidir le húdar don iarraidh.

Beidh dearbhuithe rúndachta aonair ag gabháil leis an iarraidh ar rochtain, agus beidh siad sínithe ag gach duine aonair a mbeidh rochtain aige ar na sonraí.

Measfaidh an Coimisiún an gcomhlíonann an iarraidh na prionsabail ghinearálta a luaitear i bpointe 1 agus cinnfidh sé an bhfuil sé chun an iarraidh a fhormheas nó a dhiúltú. Má chomhlíonann na hiarrataí Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, féadfar iad a fhormheas. Diúltófar don iarraidh mura gcomhlíonann úsáid bheartaithe na sonraí faoi ainm bréige Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725 nó, in aon chás, mura ráthaíonn sí cosaint choibhéiseach i gcás aistrithe idirnáisiúnta.

Agus measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an iarraidh ar rochtain, cuirfidh sé san áireamh freisin an gá atá le cosaint sonraí aonair agus, go háirithe, an chomhlíontacht leis na rialacha maidir le haistrithe sonraí chuig faighteoirí atá lonnaithe lasmuigh de chríoch an Aontais mar a leagtar amach i gCaibidil V de Rialachán (AE) 2016/679 agus i gCaibidil V de Rialachán (AE) 2018/1725.